

Plean Ceachta na Naíonán, 5

Ón bhFéar go dtí do Mhéar

Cuspóir

Chun feacht na ndaltaí ar thábhacht na feirmeoireachta déiríochta a fhorbairt, mar aon lena dtuiscint ar an saol laethúil ar an bhfeirm. Fad: **30 nóiméad** (nó mar sin).

Naisc leis an gCuraclam



Tíreolaíocht:

Timpeallachtaí daonna ➡ Ag maireachtáil sa phobal áitiúil ➡ Daoine ag obair

Focail an Lae

Feirm Dhéiríochta – Cineál feirme ar a ndéantar táirgí déiríochta a tháirgeadh.

Dul ar féarach – Ainmhithe, cosúil le ba, ag beathú ar fhéar atá ag fás.

Bleánlann – Foirgneamh ar fheirm dhéiríochta a úsáidtear chun ba a bhleán.



Plé Ranga

Cuir thart an mála pónairí - larr ar na daltaí a gcuid eolais/taithí roimh ré ar an bhfeirmeoireacht déiríochta a roinnt leis an rang trí mhála pónairí a chur timpeall an ranga. Déanann an dalta a bhfuil an mála pónairí aige/aici ag an am an t-eolas nó an taithí sin a roinnt leis an rang.

Ceisteanna Leide:

- 1 Cad is táirgí déiríochta ann? (Is táirgí bia amhail bainne, iógart agus cáis iad).
- 2 Cad is feirmeoireacht déiríochta ann? (Is í an cineál feirmeoireachta í a tháirgeann táirgí déiríochta ar nós bainne, iógairt agus cáise).
- 3 Cén cineál ainmhithe a cheapann tú a bheadh le feiceáil ar fheirm dhéiríochta? (Ba)
- 4 An raibh tú riamh ar fheirm dhéiríochta? Déan cur síos ar a bhféadfá a fheiceáil ar fheirm dhéiríochta (m.sh. ba, bleánlann, bliteoirí, féar).

Plé Beirte

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar na bealaí a bhféadfadh feirmeoirí aire a thabhairt do na ba ar fheirm dhéiríochta. Iarr ar gach duine acu a gcuid smaointe a phlé le dalta eile agus iarr ar gach beirt a gcuid smaointe a roinnt leis an rang.

Leideanna plé:

- Soláthraíonn feirmeoirí easair do na ba le codladh uirthi.
- Is féidir le feirmeoirí ba a fhágáil chun dul ar féarach ar fhéar úr lasmuigh ar feadh thart ar 240 lá sa bhliain!
- Bogann feirmeoirí ba ó pháirc go páirc ionas go mbeidh go leor féir acu le hithe.
- Tugann feirmeoirí na ba isteach faoi dhíon agus an aimsir fuar sa gheimhreadh.
- Cinntíonn feirmeoirí go mbíonn bia le hithe ag na ba.
- Coinníonn na feirmeoirí na bóithigh agus na bleánlanna deas glan.
- Déanann feirmeoirí cinnte de go dtagann tréidlia chuig an bhfeirm chun na ba a choinneáil sláintiúil.



Gníomhaíocht Phearsanta

Iarr ar na daltaí ar an gcéad dul síos smaoineamh ar aistear an bhainne ón bhfeirm go dtí an ghloine ar bhord na cistine. Ansin tabhair cóip den bhileog ghníomhaíochta **'Ón bhFéar go dtí do Mhéar'** do gach dalta. Iarr orthu breathnú ar 6 chéim an phróisis táirgthe bainne **'Ón bhFéar go dtí do Mhéar'** agus uimhreacha a chur le gach ceann acu chun iad a chur san ord ceart. Pléigh an t-ord ceart mar rang agus labhair trí gach ceann de na céimeanna sa phróiseas táirgthe bainne. *(Tá an t-ord ceart ar leathanach 23).

Gníomhaíochtaí Fairsingithe


- 1 Iarr ar na daltaí clúdach cartáin bainne a dhearadh.
- 2 Iarr ar na daltaí ina ngrúpaí a bhfríos balla ranga/scoile féin a chruthú maidir le **'Ón bhFéar go dtí do Mhéar'**

Tabhair leat abhaile é

Spreg na daltaí chun an teachtaireacht a thabhairt abhaile maidir lena thábhachtaí atá an fheirmeoireacht déiríochta.

Mar obair bhaile, is féidir leat iarraidh ar na daltaí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- 1 Féach ar na táirgí déiríochta sa chuisneoir agus sainaithin cén áit a bhfuarthas iad. Mar shampla, an bhfuarthas aon rud ó fheirm áitiúil?
- 2 An bhfuil gealltanais na Comhairle Náisiúnta Déiríochta *'Saothraithe i bPoblacht na hÉireann'* ar an mbainne sa chuisneoir?
- 3 An bhfuil aithne acu ar fheirmeoir déiríochta áitiúil?
- 4 Iarr orthu a fháil amach cé mhéad lítear bainne a ólann gach ball den teaghlach le himeacht na seachtaine. Déan comparáid eatarthu.



Ón bhFéar go dtí do Mhéar - 6 gcéim an phróisis táirgthe bainne

Céim 1 – Cothaítear ba ar fhéar úr.

Céim 2 – Déantar ba a bhleán dhá uair sa lá sa bhleánlann. Coinnítear an bainne fuar in umar bainne. Bailíonn tancaer ón bhfeirm é gach 2-3 lá.

Céim 3 – Ag an déirí, pumpálann an tiománaí an bainne amach as an tancaer isteach i gcoimeádáin mhóra fhionnuara.

Céim 4 – Ag an déirí, déantar tástáil ar an mbainne lena chinntiú go bhfuil sé go maith agus nach bhfuil aon fhrídíní ann.

Céim 5 – Líontar coimeádáin ansin leis an mbainne. Déanann leoraithe an bainne a sheachadadh chuig tithe agus scoileanna.


Céim 6 – Mar sin, an chéad uair eile a bheidh tú ag baint taitneamh as gloine bainne bhlasta, is féidir leat a bheith cinnte go bhfuil tú ag ól deoch atá nádúrtha agus chothaitheach.



Lig scód le do chruthaitheacht!

Dear do Chartán Bainne Scoile féin.

Is féidir pictiúir d'fhéar, ba, nó feirmeoirí a chur ann, nó é a choinneáil deas simplí agus díreach steall bainne úir bhlasta a chur ann!



Dúshlán Oidís

Déan iarracht dramhaíl a laghdú trí úsáid a bhaint as fuílleach torthaí agus glasraí. Is féidir caoineog álainn a dhéanamh le caora, bananaí, agus úlla lánaibí. Nó is féidir leat anraith de do chuid féin a chruthú le glasraí éagsúla atá ag sleabhcadh nó atá fágtha ag deireadh na seachtaine. Bí cinnte cabhair a fháil sa chistin nuair a bhíonn sceana géara agus fearais chócaireachta á n-úsáid agat. Bain taitneamh as!

Tarraing pictiúr anseo

Comhábhair

(liosta comhábhar agus cainníochtaí, mar shampla, leath oinniúin ghearrtha)

Treoracha

(Déan cur síos ar cén chaoi an chaoineog nó an t-anraith a dhéanamh, m.sh. téigh an ola go réidh i sásan agus cócaráil an t-oinniún go dtí go mbeidh sé bog)